Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

# Treoirlínte Scéim Deontais Chomhairle Cathrach na Gaillimhe d'Fhéilte Pobail Áitiúla 2025

## 1. Réamhrá

Tá **Scéim Deontais d'Fhéilte Pobail Áitiúla** leagtha amach chun tacú le féilte, imeachtaí agus gníomhaíochtaí cultúir pobail agus iad a fheabhsú. Tá sé mar aidhm ag an scéim:

- Cultúr agus oidhreacht áitiúil a chur chun cinn.
- Tacú le rannpháirtíocht an phobail.
- Comhtháthú agus sláinte shóisialta a chothú.

## 2. Cuspóirí

- Cruthú agus fás féilte pobalbhunaithe a spreagadh.
- Cúnamh airgid a chur ar fáil d'fhéilte atá ionchuimsitheach agus inrochtana do gach ball den phobal.
- Tacú le himeachtaí a chuireann le féiniúlacht áitiúil, bród agus spiorad pobail.
- Cuidiú le feabhas a chur ar fheiceálacht tallainne, traidisiúin agus tionscnaimh áitiúla.

## 3. Critéir Cháilitheachta

Ní mór d'iarratasóirí na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:

- **Eagraíochtaí Incháilithe:**
  - Is féidir le haon ghrúpa neamhbhrabúsach pobail nó deonach iarratas a dhéanamh. Níl eagraíochtaí tráchtála agus daoine aonair incháilithe cistiú a fháil.
  - Ní mór a bheith lonnaithe i limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.
- **Imeachtaí Incháilithe:**
  - Caithfidh imeachtaí a bheith oscailte don phobal agus a bheith ar siúl i limistéar riaracháin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe.
  - Caithfidh imeachtaí a bheith ar siúl in 2025 idir **lár mhí an Mheithimh agus an 30 Samhain 2025.**

- Caithfidh an t-imeacht a bheith ag teacht le Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chomhairle Cathrach na Gaillimhe (LECP). Féach ar an LECP ar an suíomh gréasáin anseo.
- Caithfidh an t-imeacht a bheith ionchuimsitheach, inrochtana, agus rannpháirtíocht a chur chun cinn ar fud aoisghrúpaí, cúlraí agus cumais éagsúla.
- Ní bhreithneofar ach imeachtaí/féilte pobail a bheidh ar siúl tar éis lár mhí an Mheithimh 2025.

- **Eagraíochtaí & Gníomhaíochtaí Neamh-Incháilithe:**
  - Níl eagraíochtaí tráchtála brabúis, gníomhaireachtaí reachtúla, agus daoine aonair incháilithe le haghaidh maoinithe.
  - Feachtais pholaitíochta, ócáidí príobháideacha, agus imeachtaí brabúis.
  - Searmanais reiligiúnacha.
  - Imeachtaí atá ar siúl in ionad a dhíolann alcól.
  - Imeachtaí Náisiúnta nó Idirnáisiúnta: Imeachtaí ar scála mór amhail mórimeachtaí spóirt, féilte náisiúnta nó idirnáisiúnta, nó imeachtaí nach bhfuil pobalbhunaithe.
  - Ní bhreithneofar imeachtaí/féilte pobail a bheidh ar siúl roimh lár mhí an Mheithimh 2025.

**4. Critéir Mhaoinithe**

- **Méid an Deontais**:
  - Tá idir €300 agus €2,000 ar fáil mar mhaoiniú deontais.
- **Costais Incháilithe**:
  - Margaíocht agus Bolscaireacht: Cuimsítear costais deartha agus priontála d'ábhair bolscaireachta amhail póstaeir, bileoga agus cláir imeachta.
  - Ionad ar cíos: Costais a bhaineann le hionaid áitiúla a fháil ar cíos, lena n-áirítear hallaí, páirceanna, nó spásanna poiblí eile, más bainteach. Ní mhaoineofar féilte / imeachtaí a úsáideann ionaid a dhíolann alcól.
  - Táillí Ealaíontóra/Taibheora/Siamsaíochta/Ceardlainne: Táillí d'ealaíontóirí, taibheoirí, siamsóirí, nó éascaitheoirí ceardlainne a bhfuil baint acu leis an imeacht.

- Trealamh ar cíos: Costais chun trealamh riachtanach a fháil ar cíos, mar shampla cathaoireacha, boird, pubaill, córais fógartha poiblí, nó socruithe stáitse beaga.
- Maisiúcháin agus Comharthaíocht: Costais le haghaidh ábhair mhaisiúla amhail bratacha nó comharthaí, lena n-áirítear comharthaíocht treo ag an ionad.
- Garchabhair: Costais le haghaidh soláthairtí bunúsacha garchabhrach nó stáisiún garchabhrach a shocrú ag an imeacht.
- Trealamh Sábháilteachta: Costais i leith bearta sábháilteachta, lena n-áirítear bacainní, pearsanra slándála, nó aon trealamh sábháilteachta riachtanach eile.
- Bainistiú Dramhaíola: Costais chíosa do bhoscaí bruscair nó do sheirbhísí diúscartha dramhaíola chun dramhaíl a bhainistiú ag imeachtaí.
- Sólaistí agus Lónadóireacht: Costais chun sólaistí nó béilí beaga a chur ar fáil, mar shampla le haghaidh beárbaiciú pobail nó teacht le chéile cosúil leis.
- Costais Inrochtaineachta: Costais chun an t-imeacht a dhéanamh inrochtana do chách, rampaí nó ateangairí teanga chomharthaíochta san áireamh.

- **Costais Neamh-Incháilithe**:
    - Costais ghinearálta oibríochtúla nó riaracháin na heagraíochta iarrthóra.
    - Gníomhaíochtaí tiomsaithe airgid nó gníomhaíochtaí brabúis phearsanta.
    - Costais nach mbaineann le seachadadh díreach an imeachta (m.sh., trealamh a cheannach, infheistíochtaí caipitiúla fadtéarmacha).
    - Urraíocht agus síntiúis charthanacha, dearbháin m.sh., dearbháin bhronntanais
    - Taisteal agus lóistín
    - T-léinte, húdaithe, geansaithe srl
    - Costais chíosa d'ionaid a dhíolann alcól

**5. An Próiseas Iarratais**

- **An Spriocdháta d'Iarratais:**

- Ní mór iarratais ar líne a bheith istigh faoin **12pm Dé Luain an 12 Bealtaine**

- **Cáipéisí Riachtanacha**:
    - Foirm iarratais ar líne chomhlánaithe.
    - Moladh an imeachta, lena n-áirítear sonraí faoi spriocanna na féile, spriocluċht spéise, suíomh, sceideal, agus an tionchar a bhfuiltear ag súil leis.
    - Briseadh síos mionsonraithe ar an mbuiséad don imeacht
    - Cruthúnas ar árachas dliteanais agus plean bainistíochta riosca.
    - Ceadanna nuair is cuí.
    - Achoimre ar imeachtaí a d'eagraigh an t-iarratasóir roimhe seo (más bainteach).
    - Íomhánna d'imeachtaí a d'eagraigh an t-iarratasóir roimhe seo (más bainteach).
- Critéir Mheasúnaithe:
    - Rannpháirtíocht an phobail agus inrochtaineacht - 30 marc
    - Caighdeán an chláir atá beartaithe don fhéile/imeacht - 25 mharc
    - Fianaise ar chumas an fhéile/imeacht a chur ar fáil - 20 marc
    - Buiséad - 15 mharc
    - Rannpháirtíocht mhuintir na háite san fhéile/imeacht a eagrú – 10 marc

**6.Measúnú agus Faomhadh Deontais**

- **Measúnú**:
    - Ní dhéanfar measúnú ar d'iarratas ach amháin ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil san fhoirm iarratais chomhlánaithe nó in éineacht leis. Moltar duit cáipéisí a chur isteach le d'iarratas chun tacú le haon eolas atá tugtha.
    - Déanfaidh Grúpa Meastóireachta inmheánach measúnú ar d'iarratas agus déanfaidh sé moladh ina leith. Bainfidh an Grúpa Meastóireachta inmheánach leas as saineolas fhoirne gairmiúla Ranna ábhartha na Comhairle.
    - Tar éis na meastóireachta tosaigh seo, breithneoidh Comhaltaí Tofa Chomhairle Cathrach na Gaillimhe moladh an Ghrúpa Meastóireachta ag

Coiste Deontais na Comhairle ina mbeidh Comhaltaí Tofa ainmnithe ó gach Barda.

- Ina dhiaidh sin, ag cruinniú na Comhairle i mí an Mheithimh, breithneoidh na Comhaltaí Tofa moladh an Choiste Deontais. Is faoi Chomhaltaí Tofa Chomhairle Cathrach na Gaillimhe atá ceadú deiridh an mhaoinithe bunaithe ar chinneadh ag cruinniú na Comhairle i **mí an Mheithimh**.

- **Fógra:**
    - Cuirfear na hiarratasóirí a n-éireoidh leo ar an eolas i **lár mhí an Mheithimh** tar éis dóibh ceadú a fháil ag cruinniú de chuid Chomhairle Cathrach na Gaillimhe i mí an Mheithimh. **Ní féidir aon imeacht/féile a bheith ar siúl roimh lár mhí an Mheithimh 2025.**

**7. Eisíocaíocht Maoinithe**

- **Sceideal na hÍocaíochta**:
    - Is féidir deontais a eisíoc mar íocaíocht amháin nó dhá íocaíocht:
        - **Íocaíocht Tosaigh**: 50% ar an deontas a cheadú.
        - **Íocaíocht Deiridh**: 50% tar éis an imeachta, nuair a chuirtear tuarascáil deiridh isteach le sonraisc agus admhálacha san áireamh.
- **Coinníollacha Maoinithe:**
    - Ní mór d'fhaighteoirí deontais aitheantas a thabhairt do thacaíocht Chomhairle Cathrach na Gaillimhe i ngach ábhar bolscaireachta, lena n-áirítear póstaeir, bileoga, postálacha ar na meáin shóisialta, agus nuachtlitreacha.
    - Ní mór maoiniú a úsáid chun na críocha a shonraítear san iarratas.
    - Ní mór tuarascáil deiridh, mar aon le sonraisc, admhálacha agus grianghraif den ócáid/féile, a chur isteach tar éis an imeachta chun an 50% eile den mhaoiniú a fháil.
    - Ní mór gach maoiniú deontais a tharraingt anuas roimh **mhí na Nollag 2025**.

**8. Monatóireacht agus Tuairisciú**

- **Monatóireacht Imeachta:**

- Féadfaidh foireann na Comhairle freastal ar an bhféile nó ar an imeacht chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar sheachadadh an imeachta.
- Caithfidh faighteoirí deontais taifid a choinneáil ar chaiteachais agus ar thorthaí an imeachta.

- **Tuarascáil Deiridh**:
  - Ba chóir go n-áireofaí sa tuarascáil deiridh:
    - Achoimre imeachta, uimhreacha tinrimh agus déimeagrafaic.
    - Meastóireacht ar thionchar an imeachta ar an bpobal.
    - Cuntas airgeadais mionsonraithe ina dtaispeántar mar a caitheadh an deontas.
    - Liosta de chlúdach sna meáin, ábhar bolscaireachta, agus aon chomhpháirtíochtaí.

**9. Cuntasacht agus Comhlíonadh**

- **Iniúchóireacht:**
  - Forchoimeádann an chomhairle an ceart iniúchadh a dhéanamh ar úsáid an deontais chun a chinntiú go gcomhlíontar an comhaontú deontais.
  - D'fhéadfadh sé go mbeadh ar eagraí an imeachta an deontas a aisíoc nó go mbeidís neamh-incháilithe do mhaoiniú sa todhchaí mar thoradh ar mhí-úsáid cistí.

**11. Dátaí Tábhachtacha**

- Oscailt Iarratais ar Líne: [**9 am Dé Luain an 28 Aibreán 2025**]
- Spriocdháta d'Iarratais ar Líne: [**12 pm Dé Luain an 12 Bealtaine 2025**]
- Fógra faoin Toradh: **[Lár mhí an Mheithimh 2025]**
- Tréimhse Fheidhmithe na nImeachtaí: **[Lár mhí an Mheithimh - 30 Samhain 2025]**

**12. Chun iarratas a dhéanamh**

- Ní mór iarratais ar mhaoiniú a dhéanamh trí chóras iarratais ar líne. Cliceáil anseo
- Tá an nasc chuig suíomh gréasáin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ag an seoladh seo a leanas: Cliceáil anseo